## NÓTAÍ Dreasachtaí Bunaithe ar Mhaoin

### Dreasachtaí áirithe atá bunaithe ar mhaoin díolmhaithe ó cháin –úsáid agus costas measta poitéinsiúil don Státchiste i dtéarmaí cánach ioncaim agus cánach corparáide ligthe, bunaithe ar thuairisceáin chánach.

Tá forálacha sna hAchtanna Airgeadais 2003 agus 2004 a cheadaíonn gur féidir sonraí staitistiúla nua a fháil ó na tuairisceáin chánach ar úsáid faoiseamh cánach le haghaidh dreasachtaí áirithe atá bunaithe ar mhaoin atá díolmhaithe ó cháin. Leagtar an fhaisnéis seo, a fhaightear as athruithe a thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach ar na tuairisceáin cháin ioncaim agus tuairisceáin cháin chorparáide i leith na mblianta 2011 – 2020, sa tábla seo a leanas.

Áiríonn na figiúirí seo na méideanna éioíodh sa bhliain ach ní áirítear méideanntugtha ar aghaidh sa bhliain, cibé acu mar chaillteanais nó mar liúntais chaipitiúla agus áirítear aon méid de chaillteanais nár úsáideadh agus/nó liúntais chaipitiúla a thabharfar ar aghaidh go dtí blianta dá éis.

Ní thógann na figiúirí seo san áireamh cur i bhfeidhm an tsriain ar fhaoisimh a bhí ann ar dtús in Alt 17 den Acht Airgeadais 2006 agus a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2007. Leanadh leis an srian le hAlt 23 den Acht Airgeadais 2010.

**Nótaí:**

Baineann na figiúirí seo leis na faoisimh/dreasachtaí agus díolúintí áirithe, mar a shonraítear I bhfoirmeacha 11 agus CT1.

Bhí roinnt amhrais ann, i gcásanna áirithe, gur dócha nach raibh sonraí i gcatagóirí ar leith de dhreasachtaí maoine á gcur isteach i gceart ar na tuairisceáin chánach. Tharraing na Coimisinéirí aird chuideachtaí na gcleachtóirí cánach ábhartha ar na heasnaimh seo chun iad a leasú i dtuairisceáin amach anseo agus chun feasacht a mhéadú freisin in a gcuid ball foirne atá bainteach i bpróiseáil tuairisceán cánach, trí scrúdú níos géire a dhéanamh ar thuairisceáin gur gá a chinntiú go bhfuil siad comhlánaithe i gceart.

Sna costais mheasta, glacadh leis go raibh cáin ligthe ar ceal ag an ráta 41% i gcás cánach ioncaim agus 12.5% i gcás cánach corparáide. Ciallaíonn sé seo go bhfreagraíonn na figiúirí don uaschostas don Státchiste i dtéarmaí cánach ioncaim agus cánach corparáide. D'fhéadfadh an costas iarbhír don Státchiste a a bheith níos ísle áfach, go háirithe maidir leis na míreanna ioncaim atá díolmhaithe, toisc go bfhéadfadh an t-ioncam a bheith faoi réir asbhaintí i dtaobh costas incheadaithe agus costas eile agus mar sin, bheadh laghdú ann san méid ioncaim a bheadh iarbhír faoi réir cánach.

Áirítear roinnt de na costais thuas sna costais a thaispeáintear do liúntais chaipitiúla agus d'fhaoiseamh Ailt 23 sa tábla Costas Caitheachas Cánach. Mar sin féin, níl an t-ioncaim díolmhaithe a áirítear ann mar chuid de na liúntais chaipitiúla.

I gcás ina ndearna cáiníocóir agus céile éileamh ar fhaoiseamh déantar é a chomhaireamh mar dhá éileamh ar leith.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs